Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Iúil 2024
(OR. en)

11311/24
PV CONS 33
ENV 671
CLIMA 251

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH
(Comhshaol)

17 Meitheamh 2024

1. **Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 10804/24 + COR 1.

2. **Formheas na míreanna 'A'**

**Liosta neamhreachtach** 10903/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach na ráitis a ghabhann leis na míreanna sin san aguisín.

**Plé reachtach**
**(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)**

3. **Rialachán maidir le hathchóiriú an dúlra** ❶C 11236/24
(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún): (*) PE-CONS 74/23
Airteagal 192(1) CFAE)
*Glacadh an ghnímh reachtaigh*

D'fhormheas an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa ar an gcéad léamh agus glacadh an gníomh atá beartaithe, de bhun Airteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus an Iodáil, an Ungáir, an Ísiltír, an Pholainn, an Fhionlainn agus an tSualainn ag vótáil ina choinne agus an Bheilg ag staonadh ón vótáil (bunús dlí: Airteagal 192(1) CFAE).

Thíolaic an Ostair, an Ghearmáin, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Ísiltír, an Pholainn, Poblacht na Slóvaice, agus an Coimisiún ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

4. **Treoir lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl** ❶C 10820/24
*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Treoir lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl mar a léirítear i dtoradh na n-imeachtaí (11300/24).

Thíolaic an Ghearmáin ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**5. Treoir maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (Treoir maidir le maímh ghlasa)** 10940/24 + ADD 1

*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Treoir maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (an Treoir maidir le Maímh Ghlasa) mar a léirítear i dtoradh na n-imeachtaí (11312/24).

Thíolaic an Laitvia agus an tSualainn ráitis, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn iad.

**6. An dlí maidir le faireachán ithreach** 10910/24 + ADD 1

*Cur chuige ginearálta*

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta i ndáil leis an Dlí maidir le Faireachán Ithreach mar a léirítear i dtoradh na n-imeachtaí (11299/24).

Thíolaic an tSualainn ráiteas, mar a leagtar amach san Iarscríbhinn.

## Gníomhaíochtaí neamhreachtacha

**7. Conclúidí maidir leis an 8ú clár gníomhaíochta don chomhshaol** 11003/24

*Formheas*

D'fhormheas an Chomhairle na conclúidí mar a léirítear i dtoradh na n-imeachtaí (11326/24 + COR 1).

**8. Teachtaireacht maidir le spriocanna aeráide an Aontais do 2040** 10402/24

*Díospóireacht bheartais*

Bhí díospóireacht bheartais ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna a réitigh an uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**9. Teachtaireacht maidir le bainistiú rioscaí aeráide** 10404/24

*Malartú tuairimí*

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle bunaithe ar cheisteanna a d'ullmhaigh an Uachtaránacht, mar a leagtar amach sa doiciméad thuas.

**Aon ghnó eile**

**10.** **(a)** **Tograí reachtach reatha** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) ❶ C

(i) **Rialachán maidir le caillteanas millíní plaisteacha a chosc chun truailliú micreaphlaisteach a laghdú** 10941/24

(ii) **Rialachán maidir le ceanglais chiorclaíochta le haghaidh dearadh feithiclí agus maidir le bainistiú feithiclí a bhfuil a ré caite** 11019/24

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil.

**(b)** **Miontuairisc ó chruinniú idirnáisiúnta a bhí ann le déanaí**

**An ceathrú seisiún den Choiste Caibidlíochta Idir-Rialtasach chun ionstraim idirnáisiúnta a fhorbairt atá ceangailteach ó thaobh dlí maidir le truailliú plaisteach, lena n-áirítear sa mhuirthimpeallacht, (INC-4)**
**(Ottawa, Ceanada, an 23 go dtí an 29 Aibreán 2024)** P2 10991/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil.

(c) Na téarmaí agus na coinníollacha a bhaineann le ceant 2024 an Chiste don Nuálaíocht maidir le hidrigin in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch a tháirgeadh (an dara babhta de cheant H2) 11103/24
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na Polainne, na Seice agus na hUngáire*

(d) Clár Oibre na hUachtaránachta inteachta
*Faisnéis ón Ungáir*

---

❶ An chéad léamh

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

P2 Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

(*) Mír ar féidir vótáil a iarraidh ina leith

**RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA REACHTACHA 'B' A LEAGTAR AMACH**

**IN 10804/24 + COR 1**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 3 ar liosta na míreanna 'B':** | **Rialachán maidir le hathchóiriú an dúlra**<br>(An bunús dlí atá molta ag an gCoimisiún: Airteagal 192(1) CFAE)<br>*Glacadh an ghnímh reachtaigh* |

**RÁITEAS ÓN OSTAIR**

'Tá an rialachán maidir le hathbhunú an dúlra ar cheann de na dlíthe is tábhachtaí agus is bunúsaí den Chomhaontú Glas don Eoraip agus is líne tharrthála riachtanach é i bhfianaise chailliúint leanúnach na bithéagsúlachta domhanda. Mar chuid den phróiseas caibidlíochta, d'éirigh linn an iliomad ábhar imní a bhí ag an Ostair a shárú. Ba é an aidhm a bhí leis rialachán a leagan síos a bheadh uaillmhianach agus éifeachtach, ach a mbeadh solúbthacht fós ann maidir lena chur chun feidhme. Baineadh é sin amach den chuid is mó.

I gcás ar bith, tá sé tábhachtach don Ostair go n-áiritheofar an cistiú chun an rialachán a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, is díol sásaimh dúinn dearbhuithe go gcuirfear ní hamháin na Ballstáit, ach cistí an Aontais ar fáil freisin lena gcur chun feidhme i bhfoirm fóirdheontas, tionscadal agus dreasachtaí éifeachtacha chun an dúlra a athbhunú. Níor cheart, i gcás ar bith, go bhfágfaí na Ballstáit agus, san Ostair, an Länder ina n-aonar leis sin.

Ní mór a áirithiú freisin go gcaithfear leis an rialachán agus go ndéanfar é a léirmhíniú go comhsheasmhach agus gan é a bheith ag teacht salach ar na treoracha atá ann cheana maidir le caomhnú an dúlra chun aon éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint. Sa chomhthéacs sin, féachtar go criticiúil freisin ar an líon mór gníomhartha tarmligthe agus iarrann an Ostair go mbeadh an Coimisiún rannpháirteach go tráthúil agus go cuimsitheach sna Ballstáit.

Tá sé beartaithe ag an Ostair pleananna téarnaimh na naoi stát chónaidhme a chomhcheangal in aon phlean téarnaimh náisiúnta amháin agus, ar an gcaoi sin, a hoibleagáid dhlíthiúil faoin rialachán a chomhlíonadh.

Glacann an Ostair leis go gcuirfear inniúlachtaí agus imthosca náisiúnta san áireamh agus na pleananna náisiúnta um athchóiriú á n-ullmhú. Ní mór do na Ballstáit agus do na Länder a bheith rannpháirteach in ullmhú na dteimpléad formáide.

Ní mór bearta caomhnaithe reatha na mBallstát a chur san áireamh. Is díol sásaimh don Ostair go n-aithnítear bearta mar shampla tiontú foraoise nó bearta éagsúla chlár agra-chomhshaoil na hOstaire mar bhearta athchóirithe nó athnádúrúcháin.'

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

'Tá an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra á ghlacadh tráth a bhfuil dúshláin bhunúsacha roimh an earnáil talmhaíochta. Leagann Poblacht Chónaidhme na Gearmáine béim ar a ríthábhachtaí atá sé go mbeadh an earnáil talmhaíochta oiriúnach don am atá le teacht. Tá éiceachórais fheidhmiúla ina mbonn riachtanach i ndáil leis sin. Measann Poblacht Chónaidhme na Gearmáine go bhfuil sé ríthábhachtach, agus an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra á chur chun feidhme, nach gcuirfear aon ualaí breise ar ghabháltais talmhaíochta.'

**RÁITEAS ÓN EASTÓIN**

‘Tacaíonn an Eastóin go láidir leis an Dlí um Athbhunú an Dúlra. Measaimid go bhfuil an Dlí um Athbhunú an Dúlra ar cheann de na huirlisí is tábhachtaí chun cailliúint chontúirteach na bithéagsúlachta san Eoraip a stopadh agus a aisiompú agus chun timpeallacht shláintiúil, athléimneach agus shábháilte a áirithiú dúinn féin agus dár leanaí. Is é an dúlra bithéagsúil an comhghuaillí is láidre atá againn chun an t-athrú aeráide a chomhrac agus chun dul in oiriúint dá thionchar. Inbhuanaitheacht an táirgthe bia, an fhoraoiseacht, soláthar seirbhísí éiceachórais ríthábhachtacha – braitheann siad go léir ar an dúlra agus ar an mbithéagsúlacht. Thairis sin, tá freagrachtaí orainn ní hamháin dár saoránaigh féin agus do na glúine atá le teacht, ach don phobal domhanda freisin. Cuireann an rialachán cothromaíocht mhaith ar fáil idir na bearta is gá lena dtugtar aghaidh ar fhíor-riachtanais phráinneacha an chomhshaoil nádúrtha, agus ag an am céanna cuireann sé san áireamh na hiarrachtaí agus na himthosca éagsúla sna Ballstáit agus na solúbthachtaí is gá chun aghaidh a thabhairt orthu sin.’

**RÁITEAS ÓN LAITVIA**

‘Tá sé á chur in iúl ag an Laitvia gur cúis mhór imní di comhréireacht fhorálacha athchóirithe na n-éiceachóras talmhaíochta i ndáil le bearta arb é is aidhm dóibh ithreacha orgánacha in úsáid talmhaíochta, a chuimsíonn tailte portaigh draenáilte, a athbhunú.

Mar sin féin, tacaíonn an Laitvia le glacadh an Togra le haghaidh Rialachán maidir le hathchóiriú an dúlra, chomh maith le príomhaidhm an togra seo – an dúlra a thabhairt ar ais ar fud na mór-roinne chun leas na bithéagsúlachta, na haeráide agus na ndaoine.

Measaimid go bhfuil baol ann fós go mbeidh tionchar díréireach ag forálacha bunaithe ar iarracht lena ngabhann spriocanna cainníochtúla chun ithreacha orgánacha a athbhunú agus a athfhliuchadh ar Bhallstáit áirithe a bhfuil dálaí aeráide ar leith acu.

Is Ballstát í an Laitvia a bhfuil ceann de na sciartha talún talmhaíochta is ísle aici (30 % den limistéar iomlán talún) san Aontas. Ag an am céanna, tá an Laitvia ar cheann den líon beag Ballstát a bhfuil an sciar is mó d’ithreacha orgánacha acu mar chuid de na tailte talmhaíochta.

De bharr sainiúlachtaí agus cúinsí áirithe, níor cheart tionchar diúltach a bheith ag bearta maidir le hathchóiriú agus athfhliuchadh ar tháirgeadh talmhaíochta, atá ar cheann de na hearnálacha eacnamaíocha tosaíochta sa Laitvia.
Ina theannta sin, méadaíonn athfhliuchadh astaíochtaí meatáin freisin, arb é an dara gás ceaptha teasa is díobhálaí é. I gcásanna áirithe, d’fhéadfadh sé go rachadh athfhliuchadh i gcoinne spriocanna aeráide maidir le húsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht na Laitvia a bhaint amach, go háirithe sa ghearrthéarma.

Is réamhriachtanas bunriachtanach é cistiú breise a bheith ar fáil chun na spriocanna a leagtar síos sa rialachán seo a bhaint amach.

Agus spriocanna comhshaoil agus aeráide á leagan síos – ní mór gach gné inbhuanaitheachta de bhainistíocht talún, den talmhaíocht agus den fhoraoiseacht a chur san áireamh ar bhealach cóir cothrom.’

**RÁITEAS ÓN LIOTUÁIN**

'Tá imní ar an Liotuáin freisin maidir le cur chun feidhme na gceanglas sa Rialacháin maidir le hAthchóiriú an Dúlra. I réimse na talmhaíochta, go háirithe, mar gheall ar fhorálacha athchóirithe na n-éiceachóras talmhaíochta.

Tacaíonn an Liotuáin, áfach, le sprioc uileghabhálach agus spriocanna sonracha an Rialacháin maidir le hAthchóiriú an Dúlra a rannchuidíonn go mór le hathchóiriú leanúnach agus fadtéarmach na n-éiceachóras i ngach limistéar talún agus muirí den Aontas Eorpach.

Creidimid go bhféadfadh an Rialachán an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir na bearta nach mór a dhéanamh chun stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta ach imthosca éagsúla na mBallstát a chur san áireamh ag an am céanna agus an tsolúbthacht is gá a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt orthu.

Mar sin féin, méadóidh cur chun feidhme an Rialacháin an t-ualach riaracháin agus airgeadais, go háirithe in earnálacha na talmhaíochta agus na foraoiseachta sa Liotuáin. Dá bhrí sin, ar na réamhchoinníollacha chun bearta athchóirithe a chur chun feidhme go héifeachtach agus chun cúiteamh a fháil as leibhéil éagsúla srianta ar ghníomhaíocht eacnamaíoch, tá maoiniú cobhsaí soiléir daingean spriocdhírithe, go háirithe trí ionstraimí airgeadais an Aontais.

Ina theannta sin, níor cheart tionchar diúltach a bheith ag na ceanglais nua ar tháirgeadh talmhaíochta, ná ar shlabhraí soláthair bia. Ba cheart na sainiúlachtaí náisiúnta a chur san áireamh le linn na tréimhse cur chun feidhme, iad a choinneáil ar bun i bpleananna náisiúnta cur chun feidhme agus cistiú leordhóthanach ó ionstraimí airgeadais Eorpacha a leithdháileadh.'

**RÁITEAS ÓN ÍSILTÍR**

'Ba mhaith le Rialtas na hÍsiltíre a athdhearbhú go leagann sé béim ar a thábhachtaí atá an Rialachán maidir le hAthchóiriú an Dúlra agus tacaíonn sé leis an uaillmhian uileghabhálach atá ann. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil le hUachtaránachtaí na Fraince, na Sualainne, na Spáinne agus na Beilge chomh maith leis an gCoimisiún agus le Parlaimint na hEorpa as a gcur chuige cuiditheach maidir leis an Rialachán a thabhairt i gcrích. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl do chomhpháirtithe uile an Aontais a bhfuil aird dháiríre tugtha acu ar ábhair imní na hÍsiltíre agus a rinne iarracht teacht ar réitigh chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin le linn na caibidlíochta.

Mar sin féin, ghlac Parlaimint na hÍsiltíre, trí thromlach mór, rún lena n-iarrtar ar an Rialtas vótáil i gcoinne an Rialacháin maidir le hAthchóiriú an Dúlra, i bhfianaise an dúshláin shubstaintiúil a bhaineann le cuspóirí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo a bhaint amach chun an dúlra a athbhunú i gcomhthéacs dlús ard daonra agus ardbhrú ar úsáid talún mar gheall ar éilimh eacnamaíocha, shóisialta agus chomhshaoil iomaíocha, agus na rioscaí gaolmhara a bhaineann le hiarmhairtí dlíthiúla agus beartais. Leis na spriocanna ceangailteacha do 2040 agus 2050 a leagtar síos sa Rialachán, cuirtear dlús leis na dúshláin a bhaineann lena chur chun feidhme. Dá bhrí sin, vótálfaidh Rialtas na hÍsiltíre i gcoinne an Rialacháin.

Nuair a ghlacfar an Rialachán go hoifigiúil agus nuair a thiocfaidh sé i bhfeidhm, tá an Ísiltír tiomanta an Rialachán a chur chun feidhme ar bhealach rathúil. Beidh sé d'aidhm againn an Rialachán a chur chun feidhme ar bhealach a fhágfaidh go mbeidh an t-ualach riaracháin agus na ceanglais dhlíthiúla ar thionscadail atá ábhartha don tsochaí chomh teoranta agus is féidir, agus lorgóimid úsáid ilfheidhmeach talún agus acmhainní faoi chuimsiú an Rialacháin. Tá an Ísiltír ag tnúth le hidirphlé leanúnach a choinneáil ar bun leis an gCoimisiún agus leis na Ballstáit chun a áirithiú go rannchuideoidh an Rialachán le héiceachórais a athchóiriú ar mhaithe le daoine, leis an aeráid agus leis an bpláinéad.'

**RÁITEAS ÓN bPOLAINN**

'Is mór ag an bPolainn na hiarrachtaí atá déanta ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Parlaimint na hEorpa chun an Rialachán atá beartaithe a ullmhú, ar freagairt é ar cheann de na dúshláin is suntasaí i saol an lae inniu. Gabhann Rialtas na Polainne buíochas le hUachtaránacht na Fraince, le hUachtaránacht na Sualainne, le hUachtaránacht na Spáinne agus le hUachtaránacht na Beilge as a n-iarrachtaí teacht ar chomhréiteach le linn na caibidlíochta maidir leis an Rialachán seo.

Tuigeann Rialtas na Polainne go hiomlán an gá atá le bearta éifeachtacha chun acmhainní nádúrtha a chosaint agus a athchóiriú, mar a áirítear i nDlí an Aontais maidir le hAthchóiriú an Dúlra, agus an tacaíocht don ghníomh sin a chuir go leor eagraíochtaí neamhrialtasacha, pobail eolaíochta agus Ballstáit eile in iúl. Leag an Pholainn béim arís agus arís eile ar ról agus tábhacht na bithéagsúlachta agus ar an tionchar atá aici sin ar fheidhmiú cuí na n-éiceachóras uile agus ar shlándáil shochaithe na hEorpa atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo i gcomhthéacs bhaint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe. Teipeann ar an Rialachán na neamhréireachtaí a aithint a d'fhéadfadh a bheith ann idir na cuspóirí maidir le héiceachórais a chosaint agus a athchóiriú agus na modhanna chun na cuspóirí sin a chur chun feidhme. Ar an gcúis sin, ní féidir leis an bPolainn tacú leis an Rialachán.

Is de dheasca saincheisteanna a bhaineann leis an talmhaíocht – ní hamháin sa Pholainn ach san Aontas Eorpach ina iomláine – a chruthaítear amhras dlisteanach maidir le glacadh iomlán phrionsabail an dréacht-Rialacháin. Is minic a bhaineann na saincheisteanna sin le bunphrionsabail fheidhmiú mhargadh talmhaíochta an Aontais ó thaobh na n-athruithe sistéamacha a tugadh isteach faoi phrionsabail straitéis an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip atá á n-athchaibidil faoi láthair.

Measann an Pholainn go bhfuil cuspóirí an Rialacháin uaillmhianach; tá ábhair imní ann, áfach, nach féidir na gníomhaíochtaí sin a chur i gcrích go héifeachtach, go háirithe a mhéid a bhaineann leis an ngné airgeadais. Ó cuireadh tús leis an obair ar an Dlí maidir le hAthchóiriú an Dúlra, d'ardaigh an Pholainn go seasta an tsaincheist nár ráthaíodh acmhainní airgeadais leordhóthanacha le haghaidh athchóiriú an dúlra (chun na hoibleagáidí faoin Rialachán a chomhlíonadh). Chun aistriú chuig céim cur chun feidhme na gcuspóirí sonraithe, ba ghá leibhéal na leithdháiltí airgeadais le haghaidh gníomhaíochtaí athchóirithe dúlra a mhéadú.

Ina theannta sin, i dtuairim na Polainne, níl an tréimhse ama a leagtar amach sa doiciméad oiriúnach don fheidhm, mar gheall ar chastacht agus ar chineál fadálach na pleanála agus na bpróiseas a bhaineann le héiceachórais a atógáil agus a athchóiriú.'

## RÁITEAS Ó PHOBLACHT NA SLÓVAICE

'Bhí Poblacht na Slóvaice tiomanta i gcónaí do spriocanna an togra, eadhon rannchuidiú le héiceachórais atá éagsúil agus athléimneach ó thaobh na bitheolaíochta de a athbhunú go fadtéarmach agus go buan ar fud an Aontais Eorpaigh.

Tá a mórsprioc comhlíonta cheana féin ag Poblacht na Slóvaice maidir le níos mó ná 20 % de dhromchla ár dtíre a chosaint agus, dá bhrí sin, ní bheidh tionchar diúltach ag glacadh an togra ar Phoblacht na Slóvaice.

Ag an am céanna, is léir gur chuir an togra ábhair imní éagsúla in iúl i measc na mBallstát, lena n-áirítear Poblacht na Slóvaice, go háirithe maidir leis an ualach airgeadais agus riaracháin. Le linn na caibidlíochta sa Chomhairle agus le Parlaimint na hEorpa, áfach, tugadh isteach gnéithe cothromaíochta den tsolúbthacht, arna iarraidh sin do Phoblacht na Slóvaice freisin, a rinne an togra a ailíniú le prionsabail na comhréireachta agus na coimhdeachta – prionsabail atá cumhdaithe sna Conarthaí chun ceannasacht na mBallstát a chosaint.

Is deis do Phoblacht na Slóvaice é maoiniú na n-iarrachtaí athchóirithe dúlra ó fhoinsí an Aontais, a threiseofar trí ghlacadh an togra, i bhfianaise na n-iarrachtaí is gá chun na hualaí comhshaoil a neodrú agus chun aistriú cóir a áirithiú i gceantair ina bhfuil oidhreacht gníomhaíochtaí tionsclaíocha troma, go háirithe in Oirthear na Slóvaice. Athdhearbhaíonn Poblacht na Slóvaice go léirítear le glacadh an togra seo gur gá aghaidh a thabhairt ar mhaoiniú na mbeart bithéagsúlachta le linn na caibidlíochta maidir leis an gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile. Measann Poblacht na Slóvaice gur deis í chun foinsí suntasacha airgeadais a mhealladh chun bithéagsúlacht a athbhunú i gceantair mhóra ár dtíre a ndearna tionchair na tionsclaíochta dochar dóibh le linn na ré cumannaí.

Ní mór cosaint na slándála bia san Eoraip a choinneáil i gcroílár cheapadh beartais na hEorpa agus an t-aistriú glas á chur i gcrích. Tá solúbthacht d'éiceachórais talmhaíochta a áirítear sa togra ríthábhachtach i ndáil leis sin. Is treoirphrionsabail do Phoblacht na Slóvaice iad an t-ualach ar fheirmeoirí na hEorpa a laghdú agus dálaí fabhracha a chruthú san earnáil eacnamaíoch ríthábhachtach seo – ní hamháin sa ghéarchéim atá ann faoi láthair.

Tá gá le cothromaíocht shláintiúil idir iarrachtaí chun an bhithéagsúlacht a chosaint agus gníomhaíochtaí an duine a dhéanamh gan cur isteach, go háirithe na gníomhaíochtaí sin a bhaineann le modh maireachtála traidisiúnta na tuaithe, chun tacaíocht an phobail do na beartais Eorpacha a áirithiú. Is léir anois an gá atá le reachtaíocht réalaíoch a ghlacadh, atá solúbtha go leor chun athruithe ar an láthair agus forbairtí socheacnamaíocha dinimiciúla a léiriú, maidir le saincheist na bhfeoiliteoirí móra agus maidir leis an bpróiseas slachtmhar chun an fás ina bpobail agus na tionchair shocheacnamaíocha a bhaineann leis sin a léiriú sna hathbhreithnithe ar Choinbhinsiún Bheirn agus ar an Treoir maidir le Gnáthóga.

Baineann Poblacht na Slóvaice leis na Ballstáit sin a chomhlíonann formhór na gcritéar a leagtar amach sa togra cheana féin sa lá atá inniu ann. Tá éiceachórais fós ann a léiríonn leibhéal ard nádúrthachta agus caomhnaithe bithéagsúlachta, rud a léirítear freisin le luach náisiúnta innéacs bithéagsúlachta EPI de 82.7 in 2022. Dá bhrí sin, ar mhaithe leis an dúlra a athbhunú ansin, sna háiteanna is mó ar cuireadh isteach air, agus i bhfianaise an dul chun cinn sa chaibidlíocht a thuairiscítear thuas, vótálann Poblacht na Slóvaice i bhfabhar an togra.'

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

‘Tá an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit ina bpáirtithe i gCoinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip (UNECE) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil an 25 Meitheamh 1998 (‘Coinbhinsiún Aarhus’).

Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbeidh rochtain ag daoine ón bpobal lena mbaineann, a bhfuil leas leordhóthanach acu nó a áitíonn sárú ar cheart i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, ar nós imeachta athbhreithniúcháin os comhair cúirt dlí, nó comhlacht neamhspleách agus neamhchlaonta arna bhunú le dlí, chun agóid a dhéanamh in aghaidh dhlíthiúlacht nós imeachta nó shubstainteach na bpleananna athchóirithe náisiúnta agus mura ngníomhaíonn na húdaráis inniúla, gan beann ar ról na ndaoine ón bpobal le linn an phróisis chun na pleananna náisiúnta sin um athchóiriú a ullmhú agus a bhunú. Beidh sé sin i gcomhréir le cásdlí ábhartha Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh a bhaineann le rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil agus urraim iomlán á tabhairt do na hoibleagáidí a ghlac na Ballstáit mar pháirtithe i gCoinbhinsiún Aarhus[1].’

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 4 ar liosta na míreanna ‘B’:</u>** | **Treoir lena leasaítear Treoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN nGEARMÁIN**

‘Is féidir leis an nGearmáin aontú leis an gCur Chuige Ginearálta trí chomhréiteach, ach ba mhaith léi aird a tharraingt ar na gnéithe seo a leanas: Thacódh an Ghearmáin le seasamh níos uaillmhianaí ón gComhairle maidir leis na spriocanna chun cur amú bia a laghdú ("35 % ar a laghad").

Tá gealltanas tugtha ag na Ballstáit cheana féin cur amú bia a laghdú faoi Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 12.3. Dar linne, níl na spriocanna laghdaithe atá beartaithe ag an gCoimisiún don tréimhse ó 2020 go 2030 i gcomhréir le SFI 12.3 agus ní chuirtear san áireamh go leordhóthanach iontu na hacmhainneachtaí laghdaithe atá ann cheana chun cur amú bia a laghdú go suntasach faoi 2030. Tá an Ghearmáin den tuairim gur cheart na spriocanna laghdaithe atá beartaithe teacht go comhréireach ó SFI 12.3 agus dá bhrí sin, gur cheart gurbh ionann iad agus 35 % ar a laghad do gach earnáil, cé is moite den táirgeadh príomhúil, i ndáil leis an mbliain tagartha 2020. Ní féidir na hacmhainneachtaí laghdaithe atá ann cheana i ngach earnáil a ghiaráil ach amháin i gcomhar le spriocanna agus bearta íosta laghdaithe atá chomh huaillmhianach céanna leo. Ciallaíonn sin gur féidir leis na Ballstáit spriocanna níos uaillmhianaí a leagan síos chun cur amú bia a laghdú i ngach earnáil ar an leibhéal náisiúnta.

Sa Ghearmáin, tá gealltanas tugtha cheana féin ag na hearnálacha miondíola agus lónadóireachta lasmuigh den bhaile do na spriocanna laghdaithe 30 % faoi 2025 agus 50 % faoi 2030 i sprioc-chomhaontuithe. Caithfear é seo a aithint go polaitiúil. Dá réir sin, níor cheart aghaidh a thabhairt ar na hearnálacha miondíola, lónadóireachta lasmuigh den bhaile agus teaghlaigh phríobháidigh le chéile, ach ba cheart aghaidh a thabhairt orthu ar bhonn earnáilsonrach.’

1 Féach freisin an Teachtaireacht maidir le *Improving access to justice in environmental matters in the EU and its Member States* [Rochtain ar an gceartas i gcúrsaí comhshaoil a fheabhsú san Aontas Eorpach agus sna Ballstáit] (11854/20 – COM(2020)0643).

| | |
|---|---|
| **<u>Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'B':</u>** | **Treoir maidir le bunús a thabhairt le maímh chomhshaoil shainráite agus iad a chur in iúl (Treoir maidir le maímh ghlasa)**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN LAITVIA**

'Tacaíonn an Laitvia le príomhchuspóirí na Treorach chun leibhéal na cosanta comhshaoil a mhéadú agus rannchuidiú le dlús a chur leis an aistriú glas i dtreo geilleagar aeráidneodrach, glan agus ciorclach san Aontas.

Ag an am céanna, creidimidne gur cheart go mbeadh breisluach leordhóthanach ag baint leis na bearta a ghlacfar chun na cuspóirí sin a bhaint amach agus gur cheart dóibh a bheith praiticiúil agus éifeachtach. Is ábhar imní fós iad Airteagail 11, 12, 15 agus 17 toisc go gcuireann siad ualach breise riaracháin agus airgeadais nach bhfuil gá leis ar na húdaráis um fhaireachas margaidh agus ar na trádálaithe, agus coinníollacha ró-mhionsonraithe á gcur i bhfeidhm acu maidir le faireachán a dhéanamh ar ghearáin, iad a láimhseáil agus pionóis a fhorchur.

Is cúis imní ar leith don Laitvia an t-ualach riaracháin agus na costais a chruthaítear leis an Treoir d'fhiontraithe, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna anseo feasta) agus do mhicrifhiontair, chomh maith leis na rialacha dochta atá beartaithe maidir le pionóis. Creidimid go gcruthaíonn socruithe ar leithligh d'aon nideog amháin neamhchinnteacht agus nach bhfuil gá leis.

Ar an gcéad dul síos, méadóidh na coinníollacha agus na ceanglais nua atá beartaithe an t-ualach ar thrádálaithe le linn an phróisis cur chun feidhme toisc go bhfuil an oiread sin ceanglas nua ag baint leis na próisis deimhniúcháin agus fíoraithe agus a thógfaidh go leor ama, rud a chuirfidh moill ar aistriú faisnéise chuig na tomhaltóirí. Creideann an Laitvia nach mór comhréireacht a bhaint amach chun ró-rialáil an mhargaidh a chosc.
Creidimid nach gcuirfidh an cur i láthair mionsonraithe agus liosta na ndualgas, na n-éileamh agus na scéimeanna a bhaineann leis an aeráid sa togra, nach gcuirfidh siad breisluach ar fáil ach go gcruthóidh sé ualach suntasach riaracháin do na húdaráis inniúla. Cé go n-aontaíonn gach duine go bhfuil sé ríthábhachtach ualaí riaracháin a laghdú chun iomaíochas ghnó na hEorpa a choinneáil ar bun, ar an drochuair, tá an togra seo ag teacht salach ar sprioc an Choimisiúin Eorpaigh an tuairisciú a laghdú 25 %.

Ar an dara dul síos, dar leis an Laitvia, ba cheart ról an Choimisiúin a neartú maidir leis na bearta tacaíochta a leagtar amach sa Treoir a chur ar fáil do FBManna agus do mhicrifhiontair.
Forchuirtear go leor oibleagáidí nua ar na Ballstáit cheana féin leis an Treoir seo (ualach riaracháin breise ar na húdaráis um fhaireachas margaidh lena gcinntear coinníollacha mionsonraithe maidir le maoirseacht, gearáin a láimhseáil agus pionóis a chur i bhfeidhm, lena n-áirithítear go bhfuil na ceanglais uile á gcomhlíonadh ag trádálaithe, measúnuithe is gá chun a n-éilimh aeráide a chruthú, etc.)

Ina theannta sin, coinnímid ár bhforchoimeádais maidir leis an gcóras pionóis a leagtar amach in Airteagal 17. Ní chreidimid go bhfuil gá leis na bearta sin, ós rud é go bhfuil rialacha comhchosúla bunaithe cheana féin sa Treoir maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha agus gur leor iad sa chomhthéacs sin. D'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith ag na pionóis atá beartaithe sa Treoir seo ar chur i bhfeidhm na Treorach maidir le Cleachtais Tráchtála Éagóracha mar uirlis chothrománach cosanta tomhaltóirí.

I bhfianaise an mhéid thuas, staonann an Laitvia ón vótáil.'

**RÁITEAS ÓN tSUALAINN**

'Creideann an tSualainn go mbaintear cothromaíocht mhaith amach sa téacs comhréitigh, den chuid is mó, idir cosaint láidir tomhaltóirí, cosaint éifeachtach an chomhshaoil agus leas na dtrádálaithe.

Athdhearbhaíonn an tSualainn na hábhair imní atá aici maidir le micrifhiontair a áireamh i raon feidhme na treorach. Creideann an tSualainn nach bhfuil acmhainneacht riaracháin leordhóthanach ag micrifhiontair, go háirithe iad siúd atá sa bhiashlabhra, agus ar an ábhar sin go gcuirfeadh ceanglais bhreise ualach neamhréireach ar an ngrúpa sin.

Sa chomhthéacs sin, tugann an tSualainn dá haire freisin an seasamh a ghlac Parlaimint na hEorpa an 12 Márta 2024 chun tacú leis an togra ón gCoimisiún maidir le micrifhiontair a dhíolmhú. Leanfaidh an tSualainn de bheith ag argóint ar son díolúine le linn na gcruinnithe tríthaobhacha agus glacann sí leis go n-oibreoidh an Uachtaránacht inteachta chun teacht ar réiteach inghlactha idir na hinstitiúidí.'

**Maidir le mír 6 ar liosta na míreanna 'B':** **An dlí maidir le faireachán ithreach**
*Cur chuige ginearálta*

**RÁITEAS ÓN tSUALAINN**

'Le linn na caibidlíochta, bhog an togra le haghaidh Dlí maidir le Faireachán Ithreach sa treo ceart den chuid is mó, agus méadaíodh go suntasach an tsolúbthacht do na Ballstáit.

Luann an tSualainn an athuair gur cúis imní di go n-áirítear prionsabail choiteanna maidir le bainistiú inbhuanaithe sa Treoir. Cé go soiléirítear leis an gCur Chuige Ginearálta gur treoirphrionsabail iad na prionsabail Bhainistíochta in Iarscríbhinn III, is oth leis an tSualainn go bhfuil Airteagal 10 fós róleitheadach agus go bhfuil sí go mór i bhfabhar an chéad mhír den Airteagal agus na hIarscríbhinní comhfhreagracha a scriosadh. Ina theannta sin, ba cheart a shoiléiriú nár cheart bainistiú inbhuanaithe ithreach a chur i bhfeidhm ach amháin i gcás ithreacha a bhfuil drochshláinte acu.

Sa chomhthéacs sin, tugann an tSualainn dá haire freisin an seasamh a ghlac Parlaimint na hEorpa an 10 Aibreán 2024, agus tá muinín aici go n-oibreoidh an Uachtaránacht inteachta chun réiteach inghlactha a bhaint amach idir na hinstitiúidí le linn na gcruinnithe tríthaobhacha.'

---